2008. M 7

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

***Scrúdú na hArdteistiméireachta 2008***

# Gaeilge Ardleibhéal

## Páipéar 1

170 MARC

**Dé Luain**
**9 Meitheamh**
**Tráthnóna, 1.30 go dtí 4.20**

*Treoracha d'iarrthóirí ar leathanach 2*

# *Treoracha d'iarrthóirí*

**FREAGAIR CEIST 1 (*leathanach 3*) AGUS**
**CEIST 2 (*na leathanaigh 4-7*)**

*Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.*

*Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.*

# Ceist 1

## CEAPADÓIREACHT 100 MARC

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN de ***A, B, C nó D*** anseo thíos.
*Nóta: Ní gá dul thar 500-600 focal nó mar sin i gcás ar bith.*

| **A** | – AISTE – | **100 marc** |
|---|---|---|

Scríobh AISTE ar CHEANN AMHÁIN de na hábhair seo.

(a) Na rudaí a chuireann aoibhneas orm.
(b) Díol agus Ceannach – reiligiún nua na haoise seo.
(c) Scannal an Chórais Sláinte in Éirinn.

| **B** | – SCÉAL – | **100 marc** |
|---|---|---|

Ceap SCÉAL a mbeadh do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo oiriúnach mar theideal air.

(a) Cur i gcéill.
(b) Déanann sparán trom croí éadrom.

| **C** | – ALT NUACHTÁIN / IRISE – | **100 marc** |
|---|---|---|

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo.

(a) Chaith tú tamall ag obair le daoine gan dídean mar chuid de do thaithí oibre ón scoil. Chuir tú agallamh ar chuid acu faoin gcineál saoil atá acu.

Scríobh alt, bunaithe ar na hagallaimh sin, d'iris na scoile.

(b) Chuir tú agallamh ar lúthchleasaí as do cheantar féin a bhuaigh bonn i gcomórtas idirnáisiúnta. Phléigh tú gnéithe éagsúla den spórt leis/léi.

Scríobh alt, bunaithe ar an agallamh sin, don nuachtán áitiúil.

| **D** | – DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID – | **100 marc** |
|---|---|---|

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo.

(a) Scríobh *an chaint* a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son an rúin seo a leanas **nó** ina aghaidh:

"Is iad na meáin chumarsáide a rialaíonn an tír seo sa lá atá inniu ann."

(b) Is ceannfort tú sa Gharda Síochána. Iarradh ort labhairt le cruinniú tuismitheoirí i scoil dara leibhéal faoin gcoiriúlacht i measc na n-óg agus faoi na rudaí a d'fhéadfadh na tuismitheoirí a dhéanamh faoin bhfadhb seo.

Scríobh an *óráid* a thabharfá ag an gcruinniú.

# *Ceist 2*

## LÉAMHTHUISCINT 70 MARC

Freagair **A** ar na leathanaigh 4 (thíos) agus 5 (thall), ***agus*** **B** ar na leathanaigh 6 agus 7.

### A – 35 mharc

*Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.*
**BÍODH NA FREAGRAÍ I D'FHOCAIL FÉIN, OIREAD AGUS IS FÉIDIR LEAT.**

### TRÉIGEAN AN BHLASCAOID MHÓIR

**1** Trí fichid bliain ó shin bhí pobal an Bhlascaoid Mhóir faoi bhrón de bharr ceann de na heachtraí ba thragóidí a bhuail an t-oileán sin le cuimhne na ndaoine. Ba é sin bás Sheáinín Sheáin Team Uí Chearnaigh ar an 10ú lá d'Eanáir 1947, fear óg nach raibh ach cúig bliana is fiche slánaithe aige. Buille na tubaiste ba ea a bhás ar mhuintir an oileáin a ndeachaigh a bhfréamhacha san áit siar go dtí an 13ú haois. Laistigh de shé bliana bhí an t-oileán tréigthe agus na daoine aistrithe go dtí an mhórthír. Idir 1933 agus 1953 ba é Fianna Fáil a bhí i gcumhacht in Éirinn an chuid ba mhó den am. D'fhógair Éamonn de Valera, ceannaire an pháirtí sin, go mbeadh athbheochan na Gaeilge agus caomhnú oidhreacht na hÉireann ar phríomh-chuspóirí a rialtais. Bhain íoróin nach beag le tréigean an cheantair Ghaeltachta seo le linn don pholasaí sin a bheith ag an rialtas.

**2** Oíche Nollag 1946 buaileadh Seán Sheáinín Team go dona tinn. Tar éis dó aithne agus urlabhra a chailleadh thuig na daoine go raibh géarghá le dochtúir a fháil dó. Ach toisc an drochstoirm a bhí ag séideadh le trí lá roimhe sin bhí an raidió teileafóin briste, agus anuas air sin, ní rabhthas in ann dul go dtí an mhórthír. Cailleadh Seán gan dochtúir ná sagart taobh leis. Tharla lagú beag sa stoirm an tráthnóna a cailleadh é, agus thug triúr fear ruathar chun na mórthíre chun cónra a fháil. D'éirigh an stoirm arís tar éis cúpla uair an chloig áfach, agus b'éigean dóibh fanacht ar an mórthír. Ar deireadh b'éigean do bhád tarrthála Dhairbhre an chónra a thabhairt chun an oileáin agus corp Sheáinín a thabhairt ar ais lena a adhlacadh i reilig Dhún Chaoin. Ba í deirfiúr Sheáinín a nocht go simplí coscrach an chaoi a ndeachaigh a bhás i bhfeidhm ar a muintir: "dhein a bhás an-trioblóid don mbaile. Sin a mhairbh gach éinne. Dúirt mé nach bhfanfainn ann a thuilleadh."

**3** Tagraíodh ag an am don tábhacht a bhain leis an mBlascaod Mór agus lena mhuintir i stair litríocht na Gaeilge agus i ngluaiseacht na hathbheochana. Thóg muintir Feirtéar léas ar an oileán sa 13ú céad ó Ghearaltaigh na Mumhan agus ba é Piaras Feirtéar, duine de mhórfhilí na Gaeilge sa 17ú céad, an duine deireanach den chlann a chónaigh ann. I 1907 tháinig Carl Marstrander, scoláire mór agus teangeolaí ón bhFionlainn, go dtí an t-oileán chun an Ghaeilge a fhoghlaim. Ba é Marstrander ba mhó a mhúscail bród na n-oileánach as a n-oidhreacht agus ba é a chuir mac léinn leis, Robin Flower, chun an Bhlascaoid Mhóir. Ba é Flower go príomha a spreag na hoileánaigh chun pinn. Foilsíodh tuile litríochta le húdair Bhlascaodacha, cuid de shaothair mhóra chlasaiceacha na Gaeilge ina measc, *An tOileánach* le Tomás Ó Criomhthain, *Peig* le Peig Sayers agus *Fiche Blian ag Fás* le Muiris Ó Súilleabháin, mar shampla. Níorbh ionadh mar sin gur samhlaíodh an t-oileán mar leaba síl nualitríocht na Gaeilge.

**4** De bharr na leabhar seo cuireadh suim an-mhór i saol mhuintir an Bhlascaoid Mhóir. Cuireadh suntas sa naomhóg, bád suaithinseach an oileáin, sa chaoi is go ndearnadh siombail aisti d'fhéiniúlacht is de shaíocht an oileáin. Cuireadh eolas freisin ar stór focal éagsúil saibhir na hiascaireachta agus an dúlra sa Ghaeilge. D'fhás turasóireacht na Gaeilge chun an oileáin a d'fhág a rian ar athbheochan na teanga agus na nualitríochta. Ach seachas a thábhacht mar thobar na litríochta agus mar fhoinse eolais rinneadh neamhshuim d'fhorbairt eacnamaíochta an oileáin. Níor tógadh céanna cearta do na báid; fágadh an córas cumarsáide teileafóin leis an mórthír go hainnis, agus níor íocadh na hoileánaigh i gceart as an gcóir a chuiridís ar lucht foghlama na Gaeilge. Lean an bhochtaineacht agus an iargúltacht mar chomharthaí sóirt an oileáin de bharr na faillí seo i dtreo is go raibh an tubaiste á thuar dó i bhfad sula bhfuair Seáinín Sheáin Team bás.

**5**. Sa bhliain 1989 tugadh an dara léamh i Seanad Éireann do *Bille um Pháirceanna Naisiúnta Stairiúla na hÉireann*. Beartaíodh faoin mbille seo an Blascaod Mór a cheannach ó úinéirí na talún ann d'fhonn Páirc Náisiúnta Stairiúil a chruthú ar an oileán. Fáiltíodh roimh fhorálacha an bhille ar gach taobh den Seanad. D'fháiltigh an seanadóir Nollaig Mac Gearailt, roimh an mbille i nGaeilge. Ba lena shinsir siúd an Blascaod Mór sa 13ú haois. Thagair sé don obair a d'fhéadfadh Fondúireacht an Bhlascaoid a dhéanamh faoin mbille chun an t-oileán a riar agus chun oidhreacht an oileáin a chaomhnú. Agus é ag tagairt d'fhocail sin an tSeanadóra ina cholún san *Irish Times* ag an am thrácht John Healy go díomách íorónta ar an gcéim síos tubaisteach a bhí ann do Ghaeltacht ar bith, agus don tír i gcoitinne, páirc náisiúnta stairiúil a chur in áit pobal beo beathach.

Agus rud níos íorónta fós – ní chreidfeadh John Healy féin sa bhliain sin 1989 go dtógfadh sé go dtí 2005 le stádas nua an Bhlascaoid Mhóir a dhaingniú i ndlí na hÉireann … agus go bhfuil cúpla bac bóthair ar phlean an rialtais le sárú fós!



*Bunaithe ar alt le Dáithí de Mórdha in* Foinse

## *Ceisteanna*

**1** (a) Cén eachtra a d'fhág muintir an Bhlascaoid Mhóir faoi bhrón? (Alt 1) (3 mharc)

(b) Cérbh iad príomhchuspóirí rialtas Fhianna Fáil dar le hÉamonn de Valera? (Alt 1) (4 mharc)

**2** (a) Cén fáth ar cailleadh Seáinín Sheáin Team gan dochtúir ná sagart taobh leis? (Alt 2) (3 mharc)

(b) Cén chaoi arbh éigean corp Sheáinín a thabhairt go dtí an mhórthír lena adhlacadh? (Alt 2) (4 mharc)

**3** (a) Cén bhaint a bhí ag Carl Marstrander leis an oileán? Is leor pointe **amháin.** (Alt 3) (3 mharc)

(b) Cén fáth a samhlaítear an t-oileán mar leaba síl nualitríocht na Gaeilge? (Alt 3) (4 mharc)

**4** (a) Cén tábhacht a bhain leis na leabhair a foilsíodh faoin mBlascaod Mor? Is leor pointe **amháin**? (Alt 4) (3 mharc)

(b) Cén fhaillí a ligeadh i bhforbairt an oileáin? Luaigh **dhá** phointe. (Alt 4) (4 mharc)

**5** (a) Cén aidhm a bhí leis an mBille a léadh sa Seanad i 1989? (Alt 5) (3 mharc)

(b) Cén **dá** chúis íoróine a bhaineann leis an mBille? (Alt 5) (4 mharc)

Freagair **B** ar na leathanaigh 6 (thíos) agus 7 (thall).

## B – 35 mharc

*Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.*

**BÍODH NA FREAGRAÍ I D'FHOCAIL FÉIN, OIREAD AGUS IS FÉIDIR LEAT.**

# CAIFE: AN tÓR DUBH

1 Tháinig ceannairí na dtíortha is saibhre ar domhan le chéile taca an ama seo anuraidh i nDún Éideann na hAlban do chruinniú an G8, mar a thugtar air. Chomh maith leis sin d'eagraigh Bono agus Bob Geldof ceolchoirm mhór agóide sa chathair sin. Theastaigh uathu brú a chur ar na ceannairí aird a thabhairt ar chás na dtíortha bochta agus ar an easpa cóir-thrádála ar fud an domhain. Taobh istigh de chaisleán Dhún Éideann bhí cruinniú agóide de shaghas eile ar siúl. Bhí ionadaithe ó chomharchumainn na bhfeirmeoirí caife san Afraic ag agóid in aghaidh an dúshaothraithe atá á dhéanamh orthu ag na hollchomhlachtaí a cheannaíonn an caife uathu. I measc na n-ionadaithe sin bhí bean óg a bhfuil feirm trí acra talún aici ag bun shliabh Kilimanjaro sa Tansáin. Alivera Kiiza an t-ainm atá uirthi agus tháinig sí anseo go hÉirinn lena scéal a scaipeadh nuair a bhí an cruinniú in Albain thart.

2 Chuaigh Alivera Kiiza go cathair na Gaillimhe le droch-chás churadóirí na bpónairí caife ina ceantar féin, Karagwe, a chur os comhair an tsaoil. Mar aon leis an ola, tá an caife ar cheann de na táirgí is luachmhaire a thrádáiltear ar domhan. Mheasfadh duine uaidh sin gur cheart go mbeadh saibhreas mór á dhéanamh ag na feirmeoirí caife. A mhalairt ar fad atá fíor. Tá an chuid is mó de na feirmeoirí caife sa Tansáin beo bocht mar go gceannaíonn na hollchomhlachtaí na pónairí uathu ar phraghas suarach. Íoctar €40 an mála pónairí leis na feirmeoirí, ach faigheann na hollchomhlachtaí €16,000 ar mhála de chaife próiseáilte. Sin é an fáth a dtugtar an t-ór dubh ar an gcaife. Ní féidir le rialtas na Tansáine rud ar bith a dhéanamh faoi – tá cead a gcinn ag na hollchomhlachtaí dul áit ar bith ar domhan leis na pónairí a cheannach.

3 B'in mar a bhí an scéal ag muintir Alivera Kiiza go dtí gur tháinig CaféDirect, comhlacht de chuid Fairtrade, go dtí an ceantar. Is gluaiseacht idirnáisiúnta dhaonchairdiúil í Fairtrade. Tá sé mar aidhm aici feabhas a chur ar shaol na ndaoine a tháirgeann caife, rís, cadás, agus earraí fíodóireachta agus lámhcheirde in áiteanna éagsúla ar fud an domhain. Íocann siad praghas cothrom

FAIR TRADE
CERTIFIED®
*Look for the label!*

leis na táirgeoirí as a gcuid earraí agus cabhraíonn siad leo a ngnó a chur chun cinn. Chabhraigh CaféDirect le muintir Karagwe tionscal áitiúil an chaife a riar. Bunaíodh comharchumann; ceannaíodh innealra leis an dianobair a mhaolú; cuireadh traenáil ar na feirmeoirí, idir fhir is mhná, i ngach gné de ghnó an chaife. Ar deireadh dearadh lipéad ar leith do na prócaí caife a bheadh ar díol sna siopaí agus sna hollmhargaí. Cruthaíonn an lipéad seo nasc idir lucht táirgthe an chaife agus na daoine a ólann é, agus dearbhaíonn sé caighdeán an chaife ag an am céanna. Ba le teann bróid a thaispeáin Alivera dá lucht éisteachta an lipéad atá anois ar na prócaí a fheicfear go luath sna siopaí ar fud na Gaillimhe – grianghraf álainn dá feirm ag bun shliabh Kilimanjaro.

4 Is cuid thábhachtach de straitéis mhargaíochta CaféDirect an phoiblíocht a thugann siad don airgead a chaitheann siad ar fhorbairt na bpobal éagsúil a bhfuil siad i bpáirt leo. Infheistíonn CaféDirect 85% ar an meán de bhrabús iomlán an chomhlachta i bhforbairt an tionscail áitiúil. Dá bharr sin, bhíothas in ann scoil dara leibhéal a thógáil i gceantar Karagwe. Beidh seans ag na daoine anois, dar le hAlivera, a gcuid páistí a chur ar an ollscoil, rud nach bhféadfaí a shamhlú cúpla bliain ó shin. Beidh rogha acu feasta, dar le hAlivera. Ní bheidh iallach orthu dul le feirmeoireacht an chaife mura mian leo é. Beidh deiseanna iontacha acu, dar léi, i gcomparáid lena sinsear rompu. Is é seo an rud is luachmhaire a d'fhéadfaí a bhronnadh orthu dar léi.

**B** *ar leanúint*

5. I mí Aibreáin 2006 bunaíodh Coiste Chóir-Thrádáil na Gaillimhe le cabhair ó Amnesty International agus ó Oxfam. Tugadh poiblíocht mhór don togra seo agus níorbh fhada go raibh comhlachtaí na cathrach ag sárú a chéile ag baint úsáide as earraí cóir-thrádála nó á ndíol ina gcuid siopaí. Leanadh sampla na Gaillimhe ar fud na tíre. Réitíodh suíomh gréasáin, www.fairtrade.ie; cuireadh tús le Coicís na Cóir-Thrádála a bhíonn ar siúl gach bliain in áiteanna difriúla. In 2007 seoladh leabhar a rianaíonn an dul chun cinn iontach atá déanta ar son na cúise seo, ní hamháin in Éirinn ach ar fud an domhain. Insíonn na figiúirí a scéal féin: díoladh luach 2 bhilliún d'earraí cóir-thrádála ar fud an domhain sa bhliain 2006 agus tá fás bliantúil 20% á thuar sa ghearrthréimhse. Tá tuar mór dóchais ann don todhchaí. Níl ach prócaí caife Fairtrade ar sheilfeanna Marks & Spencers anois. Chomh maith leis sin d'eisigh Bewleys ráiteas le gairid go bhfuil fás mór ar líon na ndaoine óga a lorgaíonn caife cóir-thrádála amháin.



*Bunaithe ar ailt le hAlex Hijmans in* Foinse

## *Ceisteanna*

**1** (a) Cén fáth ar eagraigh Bob Geldof agus Bono ceolchoirm le linn chruinniú na G8 i nDún Éideann? (Alt1) (3 mharc)

(b) Cén cruinniú agóide a bhí ar siúl taobh istigh de chaisleán Dhún Éideann? (Alt1) (4 mharc)

**2** (a) Cén fáth ar tháinig Alivera Kiiza go hÉirinn i ndiaidh chruinniú na G8? (Alt 2) (3 mharc)

(b) Cén fáth a dtugtar "an t-ór dubh" ar an gcaife? (Alt 2) (4 mharc)

**3** (a) Cén aidhm atá ag an ngluaiseacht idirnáisiúnta Fairtrade? (Alt 3) (3 mharc)

(b) Cén **dá** aidhm atá leis an lipéad speisialta ar na prócaí caife? (Alt 3) (4 mharc)

**4** (a) Luaigh cuid thábhachtach de straitéis mhargaíochta CaféDirect? (Alt 4) (3 mharc)

(b) Cén rud is luachmhaire a d'fhéadfaí a thabhairt do na páistí dar le hAlivera? (Alt 4) (4 mharc)

**5** (a) Cén tionchar a bhí ag Coiste Chóir-Thrádáil na Gaillimhe ar na comhlachtaí sa chathair sin? (Alt 5) (3 mharc)

(b) Luaigh **dhá** rud a léiríonn dóchas don todhchaí maidir leis an gCóir-Thrádáil. (Alt 5) (4 mharc)

Leathanach Bán

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

| **SCRÚDUIMHIR** |
|---|
| |

***Scrúdú na hArdteistiméireachta 2008***

| **Stampa an Ionaid** |
|---|
| |

# *Gaeilge Ardleibhéal*

## Triail Chluastuisceana

100 MARC

**Dé Luain, 9 Meitheamh**
**Tráthnóna, 4.30 go dtí 5.10**

| ***Don Scrúdaitheoir*** | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **CUID A** | | **CUID B** | | **CUID C** | |
| Ceist | Marc | Ceist | Marc | Ceist | Marc |
| 1 | | 1 | | 1 | |
| 2 | | 2 | | 2 | |
| 3 | | 3 | | 3 | |
| Iom. | | Iom. | | Iom. | |

| ***Na hIomláin*** | |
|---|---|
| **A (30)** | |
| **B (40)** | |
| **C (20)** | |

| | |
|---|---|
| **Eolas (90)** | |
| **Gaeilge (10)** | |
| **Móriomlán** | |

# *Treoracha d'iarrthóirí*

***Caithfidh do chuid freagraí uile sa triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.***

# Cuid A

Cloisfidh tú ***trí cinn*** d'fhógraí raidió sa chuid seo.
Cloisfidh tú gach fógra díobh **faoi dhó**. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

## FÓGRA A hAON

**1.** **(a)** Cé dóibh an comórtas "Aiste sa Rang"?

______________________________

**(b)** Luaigh **rud amháin** faoi ábhar na n-aistí.

______________________________

**2.** Cén bhaint atá ag an gcomhlacht Microsoft leis an gcomórtas?

______________________________

**3.** **(a)** Cá bhfuil an fhoirm iontrála le fáil?

______________________________

**(b)** Cén duais a gheobhaidh scoil an bhuaiteora gach mí?

______________________________

## FÓGRA A DÓ

**1.** Cé atá i bpáirt le Dell sa scéim scoláireachta seo?

______________________________

**2**. Tabhair **dhá** phíosa eolais faoi na scoláireachtaí.

**(a)** ______________________________

**(b)** ______________________________

**3.** **(a)** Seachas € 2,000 cad eile a gheobhaidh na daoine a roghnófar?

______________________________

**(b)** Conas is féidir eolas a fháil faoin scéim seo?

______________________________

## FÓGRA A TRÍ

**1.** Cén saghas comhlachta é Nemeton atá luaite san fhógra seo?

______________________________

**2.** **(a)** Cén duine atá á lorg ag an gcomhlacht seo?

______________________________

**(b)** Luaigh dualgas breise **amháin** a bheidh ar an duine a gheobhaidh an post.

______________________________

**3.** **(a)** Cén cháilíocht atá riachtanach don phost?

______________________________

**(b)** Cén dáta is déanaí atá luaite don iarratas?

______________________________

# *Cuid B*

Cloisfidh tú ***trí cinn*** de chomhráite sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **trí huaire**.
Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina ***dhá mhír*** é. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh. Ina dhiaidh sin cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh arís.

## COMHRÁ A hAON

***An Chéad Mhír***

**1.** Cá raibh Séamas i rith laethanta saoire na Cásca?

______________________________

**2.** Cad a bhí á dhéanamh ag a thuismitheoirí ansin?

______________________________

**3.** Cén fáth a raibh Séamas cráite?

______________________________

***An Dara Mír***

**1.** Luaigh buntáiste **amháin** a bhaineann leis an bplean sin, dar le hOrlaith?

______________________________

**2.** **(a)** Tabhair fáth amháin nach maith le Séamas an plean.

______________________________

**(b)** Cén fáth a n-oirfeadh a leithéid de phlean do Orlaith, dar le Séamas?

______________________________

## COMHRÁ A DÓ

***An Chéad Mhír***

**1.** Cad a bhí ar siúl oíche aréir?

______________________________

**2.** Cad chuige an t-airgead a bailíodh, dar le Máire?

______________________________

**3.** **(a)** Cad as a mbaineann Pól taitneamh nuair a bhíonn an t-airgead aige?

______________________________

**(b)** Cén duine gaolmhar le Pól a bhí ag taispeáint éadaí na bhfear?

______________________________

***An Dara Mír***

**1.** Luaigh deis (seans) **amháin** a bheadh ag Máire mar mhainicín, dar le Pól?

______________________________

**2.** Luaigh **dhá** rud a deir Máire faoi ghairm an mhainicín?

**(a)** ______________________________

**(b)** ______________________________

**3.** Cad atá ar intinn ag Máire a dhéanamh lena saol?

______________________________

## COMHRÁ A TRÍ

***An Chéad Mhír***

**1.** **(a)** Cé ar a son a bhí Eibhlín ag díol na mbláthanna?

______________________________

**(b)** Cé mhéad duine a bhí ag díol na mbláthanna?

______________________________

**2.** Cén t-éacht a rinne siad, dar le Eibhlín?

______________________________

***An Dara Mír***

**1.** Cad a rinne cúpla duine, dar le Eibhlín?

______________________________

**2.** Luaigh rud **amháin** a gcaithfear an t-airgead air, dar le Eibhlín?

______________________________

**3.** Luaigh rud **amháin** atá ag teastáil fós.

______________________________

# Cuid C

Cloisfidh tú ***trí cinn*** de phíosaí nuachta raidió/teilifíse sa chuid seo.
Cloisfidh tú gach píosa díobh **faoi dhó**. Beidh sos leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

## PÍOSA A hAON

**1.** Cad a osclaíodh i mBaile Bhuirne le déanaí?

**2.** **(a)** Cén léas a thóg an Chomhairle Chontae ar an bhfoirgneamh?

**(b)** Luaigh **áis amháin** eile atá san fhoirgneamh seo?

## PÍOSA A DÓ

**1.** Cén t-ainm atá ar an dráma seo le Seán Ó Gráinne?

**2.** Luaigh **rud amháin** eile seachas drámaí a scríobhann Seán.

**3.** **(a)** Cá fhad a thóg sé ar Sheán an dráma a aistriú go Gaeilge?

**(b)** Cathain a léireofar an dráma i mBaile Átha Cliath?

## PÍOSA A TRÍ

**1.** Cad a bhí á cheiliúradh ag an Monsignor Carr agus ag muintir Ailt an Chorráin?

**2.** Cén fáth ar thaisteal cuid de sheanphobal Árann Mhóir go hAilt an Chorráin?

**3.** Luaigh **rud amháin** a thaispeánann nach bhfuil rian den tseanaois ar an Monsignor Carr?